## Réamhrá

Cuireann Dáil Éireann airgead ar fáil do ghnáthsheirbhísí ranna agus oifigí Rialtais, idir chaipiteal agus neamh-chaipiteal, trí

- meastacháin ar chaiteachas do na seirbhísí sin a fhaomhadh i rith gach bliana
- éifeacht reachtúil a thabhairt do na meastacháin in Acht Leithreasa bliantúil.

Déantar soláthar do chaiteachas faoi shraith vótaí, agus clúdaíonn ceann amháin nó níos mó díobh feidhmeanna gach roinne nó oifige.

Tugtar **raon feidhme** ar an gcéad chuid den mheastachán do gach vóta. Tugann sé seo breac-chuntas ar na seirbhísí atá le maoiniú. Ionchorpraítear raon feidhme gach vóta san Acht Leithreasa bliantúil, agus is ionann é sin agus na críocha ar údaraigh Dáil Éireann cistí ar a son.

Ag deireadh gach bliana airgeadais, ceanglaítear ar gach roinn nó oifig cuntas a ullmhú, ar a dtugtar an **cuntas leithreasa**, do gach seirbhís vótáilte a riarann sí. Is é an ceanglas reachtúil atá ann go soláthróidh an cuntas leithreasa sonraí faoin toradh don bhliain in aghaidh an mhéid a sholáthraíonn Dáil Éireann, bunaithe ar mhéideanna airgid thirim na n-íocaíochtaí agus na bhfáltas. Taispeántar toradh na bliana roimhe sin freisin ar mhaithe le comparáid a dhéanamh.

Chomh maith leis an bhfaisnéis airgeadais reachtúil a sholáthar ar bhonn cuntasaíocht bunaithe ar airgead tirim, leagtar amach i ngach cuntas leithreasa roinnt faisnéise ar bhonn fabhraithe i nótaí a ghabhann leis an gcuntas.

- Léiríonn Nóta 1 **ráiteas costais oibriúcháin** a thugann eolas ar chostas na seirbhíse don bhliain.
- Léiríonn Nóta 2 **ráiteas ar staid an airgeadais**, chomh maith le nótaí míniúcháin gaolmhara, ina dtugtar faisnéis ar an staid airgeadais maidir leis an tseirbhís ag deireadh na bliana. Áirítear leis sin faisnéis maidir le gealltanais chaiteachais agus maidir le seasamh iarbhír na seirbhíse vótáilte i leith an Státchiste ag deireadh na bliana, i.e. an glandliteanas don Státchiste, nó an méid atá dlite ón Státchiste.
- Tugann nótaí eile a ghabhann leis an gcuntas faisnéis chaighdeánach maidir le: caiteachas de réir cláir agus fo-cheannteidil (nóta 3); fáltais (nóta 4); agus líon foirne agus pá (nóta 5). Cuirtear faisnéis faoi aon ábhair ábhartha eile i láthair i nótaí 6 agus 7 (cuntais ilghnéitheacha agus cistí).